CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/899 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meitheamh 2022

maidir leis an gcoibhéis idir an creat rialála i ndáil le contrapháirtithe lárnacha san Indinéis agus ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le contrapháirtithe lárnacha atá faoi mhaoirseacht Údarás Seirbhísí Airgeadais na hIndinéise (Otoritas Jasa Keuangan)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha ("CPLanna") atá bunaithe i dtríú tíortha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is é is aidhm dó, i gcás CPLanna atá bunaithe agus údaraithe i dtríú tíortha a bhfuil a gcaighdeáin rialála coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a cheadú dóibh seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh nó d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, leis an nós imeachta sin maidir le haitheantas a thabhairt agus leis an gcinneadh coibhéise dá bhforáiltear ann, rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach i ndáil leis an riosca sistéimeach a laghdú, tríd an úsáid a bhaintear as CPLanna sábháilte fónta a leathnú chun conarthaí díorthach thar an gcuntar a imréiteach, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil na CPLanna sin bunaithe agus údaraithe i dtríú tír.

(2) Chun go measfaí córas dlí tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i leith CPLanna, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais i leith na gcuspóirí rialála a bhaintear amach leis na socruithe sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise sin a fhíorú an áirithítear le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an tríú tír lena mbaineann nach ndéanfaidh na CPLanna atá bunaithe agus údaraithe sa tríú tír sin comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde ná an leibhéal a bhféadfadh na comhaltaí imréitigh agus na hionaid trádála a bheith neamhchosanta air agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéimigh leo atá do-ghlactha san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, na rioscaí i bhfad níos ísle a bhaineann le gníomhaíochtaí imréitigh a dhéantar i margaí airgeadais ar lú iad ná margadh airgeadais an Aontais a chur san áireamh.

(3) An measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na hIndinéise coibhéiseach le socruithe an Aontais, ba cheart é a bhunú ní hamháin ar anailís chomparáideach ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna san Indinéis atá faoi mhaoirseacht Údarás Seirbhísí Airgeadais na hIndinéise (Otoritas Jasa Keuangan ("OJK")), ach ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin freisin. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na gceanglas sin chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhféadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith neamhchosanta orthu, agus aird á tabhairt ar mhéid na margaí airgeadais ina bhfeidhmíonn CPLanna atá ceadúnaithe san Indinéis. Chun toradh maolaithe riosca atá coibhéiseach a bhaint amach, tá gá le ceanglais um maolú riosca atá níos déine le haghaidh CPLanna a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i margaí airgeadais níos mó ar airde an leibhéal riosca a bhaineann leo ná mar atá sé i gcás CPLanna a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i margaí airgeadais níos lú ar ísle an leibhéal riosca a bhaineann leo.

(4) Ní bhaineann an Cinneadh seo ach le coibhéis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta le haghaidh CPLanna atá faoi mhaoirseacht OJK agus ní bhaineann sé le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta le haghaidh CPLanna a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh sa mhargadh tráchtearraí agus a rialaítear agus a ndéantar maoirseacht orthu ag an Údarás um Rialáil Trádála i dTodhchaíochtaí Tráchtearraí (Badan Pengawas Perdagangan Berjangka Komoditi (Bappebti)) faoi Aireacht Trádála Phoblacht na hIndinéise (Kementerian Perdagangan Republik Indonesia) nó CPLanna a oibrítear agus a ndéantar maoirseacht orthu ag Bank Indonesia.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

(5) In Airteagal 25(6), pointe (a), pointe (b) agus pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír maidir le CPLanna atá údaraithe inti, leagtar síos trí choinníoll is gá a chomhlíonadh chun a chinneadh go bhfuil siad coibhéiseach leis na socruithe a leagtar síos sa Rialachán sin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 25(6), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní mór do CPLanna atá údaraithe i dtríú tír ceanglais a chomhlíonadh atá ceangailteach ó thaobh an dlí de atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV den Rialachán sin.

(7) Na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de atá infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe san Indinéis faoi mhaoirseacht OJK, leagtar síos iad i nDlí Phoblacht na hIndinéise Uimhir 8 den Bhliain 1995 maidir le Margadh Caipitil ("Dlí Margaidh Caipitil") (Undang-Undang Republik Indonesia Nomor 8 Tahun 1995 tentang Pasar Modal) ([2]), Rialachán OJK Uimhir 3/POJK.04/2021 maidir le hEagrú Gníomhaíochtaí i Margadh Caipitil (Peraturan OJK Nomor 3/POJK.04/2021 tentang Penyelenggaraan Kegiatan di Bidang Pasar Modal) ([3]) agus Rialachán OJK Uimhir 22/POJK.04/2019 maidir le hIdirbheart Urrús (Peraturan OJK Nomor 22/POJK.04/2019 tentang Transaksi Efek) ([4]) (dá ngairtear "na rialacha príomhúla" i dteannta a chéile anseo feasta). Le Rialachán OJK Uimhir 22/POJK.04/2019 cuirtear chun feidhme na caighdeáin idirnáisiúnta a leagtar amach faoi na Prionsabail le haghaidh bhonneagair an mhargaidh airgeadais ("PFMI") a d'eisigh an Coiste maidir le hÍocaíocht agus Bonneagar Margaidh agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús i mí Aibreáin 2012 ([5]).

(8) Ní mór CPLanna a bheith údaraithe ag OJK. Chun bheith údaraithe chun seirbhísí imréitigh a sholáthar, ní mór do CPLanna na ceanglais a leagtar amach sna rialacha príomhúla a chomhlíonadh. Forlíontar na ceanglais sin le rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha an CPL lena n-áirithítear comhlíontacht le gach caighdeán ábhartha PFMI.

(9) Dá bhrí sin, is struchtúr dhá shraith atá sna ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de atá infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe san Indinéis agus a ndéanann OJK maoirseacht orthu. Sa chéad sraith, tá na rialacha príomhúla lena leagtar amach na príomhoibleagáidí, rialacha nach mór CPLanna a chomhlíonadh chun bheith údaraithe chun seirbhísí imréitigh a sholáthar san Indinéis. Sa dara sraith, tá rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha an CPL, rialacha nach mór a ghlacadh mar Rialacháin an CPL mar eagraíocht féinrialála.

(10) Tá margadh airgeadais na hIndinéise i bhfad níos lú ná margadh airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, an rannpháirtíocht in CPLanna atá údaraithe san Indinéis, is rud é sin lena bhfágtar comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas neamhchosanta ar rioscaí atá i bhfad níos ísle ná an a rannpháirtíocht in CPLanna atá údaraithe san Aontas. Leis na rialacha príomhúla is infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe san Indinéis, a chomhlánaítear lena rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha, lena gceanglaítear comhlíontacht le PFMI, maolaítear go leordhóthanach an leibhéal níos ísle riosca a bhféadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith neamhchosanta air agus, dá bhrí sin, is féidir a mheas go mbaintear toradh maolaithe riosca amach atá coibhéiseach leis an toradh a shaothraítear le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ngeall orthu sin.

(11) Is é conclúid an Choimisiúin go n-áirithítear le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na hIndinéise go gcomhlíonfaidh CPLanna atá údaraithe san Indinéis agus a ndéanann OJK maoirseacht orthu ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(12) Le hAirteagal 25(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta i leith CPLanna atá údaraithe i dtríú tír, ceanglaítear nach mór foráil a dhéanamh maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach i ndáil le CPLanna ar bhonn leanúnach.

(13) Déanann OJK, mar mhaoirseoir ar CPLanna, maoirseacht ar CPLanna san Indinéis chun comhlíontacht leis na rialacha príomhúla agus le rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha an CPL a áirithiú ar bhonn leanúnach. Déanann OJK maoirseacht laethúil ar bhonn tráthúil i gcomhréir le Dlí Phoblacht na hIndinéise Uimhir 21 den Bhliain 2011 maidir le hÚdarás Seirbhísí Airgeadais ("Dlí OJK") (Undang-Undang Republik Indonesia Nomor 21

([2]) *Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise den Bhliain 1995*, Uimhir 64, Forlíonadh d'*Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise Uimhir 3608*.
([3]) *Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise den Bhliain 2021*, Uimhir 71, Forlíonadh d'*Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise Uimhir 6663*.
([4]) *Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise den Bhliain 2019*, Uimhir 168, Forlíonadh d'*Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise Uimhir 6387*.
([5]) An Coiste um Íocaíochtaí agus um Bonneagar Margaidh, Páipéar Uimh. 101 an 16 Aibreán 2012.

Tahun 2011 tentang Otoritas Jasa Keuangan) ([6]) chun rioscaí a shainaithint, chun iad a mheas, chun tús áite a thabhairt dóibh agus chun iad a mhaolú. Féadfaidh OJK imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe dá dtagraítear i gCaibidil XI de Dhlí OJK. Tá na cumhachtaí cuimsitheacha ag OJK chun comhlíontacht a áirithiú agus féadfaidh sé an ceadúnú gnó agus formheas na rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha a tharraingt siar, coinníollacha, ceanglais nó ordacháin a eisiúint, agus smachtbhannaí a fhorchur ar CPLanna.

(14) Is é conclúid an Choimisiúin go bhforáiltear leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta i leith CPLanna atá údaraithe san Indinéis maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 25(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, le creat dlíthiúil tríú tír, ní mór foráil a dhéanamh maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna atá údaruithe faoi chórais dlí tríú tír ("CPLanna tríú tír").

(16) CPLanna tríú tír ar mhian leo seirbhísí imréitigh lárnacha a sholáthar san Indinéis, ní mór dóibh iarratas a chur isteach chuig OJK ar cheadúnas gnó mar CPL faoi Airteagal 13(1) den Dlí Margaidh Caipitil. Dá bhrí sin, féadfaidh CPLanna neamh-Indinéiseacha agus CPLanna Indinéiseacha seirbhísí imréitigh a sholáthar i margadh caipitil na hIndinéise ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Ní mór dóibh ceanglais a chomhlíonadh arb ionann iad agus na ceanglais a chomhlíonann CPLanna Indinéiseacha, lena n-áirítear an chomhlíontacht le PFMI. Déantar foráil maidir le socruithe comhair a thabhairt i gcrích idir OJK agus na húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as maoirseacht ar an CPL neamh-Indinéiseach in Airteagal 47 agus Airteagal 48 den Dlí OJK.

(17) Is é conclúid an Choimisiúin go ndéantar foráil le creat dlíthiúil na hIndinéise maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír.

(18) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go gcomhlíontar leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme maidir le CPLanna atá faoi mhaoirseacht OJK na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart a mheas go bhfuil na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin dá réir sin.

(19) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus atá infheidhme maidir le CPLanna atá faoi mhaoirseacht OJK tráth a ghlacfar an Cinneadh seo. Leanfaidh an Coimisiún, *inter alia* ar fhaisnéis ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí mar a cheanglaítear le hAirteagal 25(6b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, d'fhaireachán a dhéanamh ar bhonn rialta ar éabhlóid an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta is infheidhme maidir le CPLanna san Indinéis agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ar an mbonn ar a ndearnadh an Cinneadh seo.

(20) Féadfaidh an Coimisiún, i bhfianaise na dtorthaí a thiocfaidh as athbhreithniú tráthrialta nó sonrach, cinneadh a dhéanamh an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm tráth ar bith, go háirithe i gcás ina ndéanfaidh forbairtí difear do na coinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na hIndinéise seo a leanas atá infheidhme maidir le contrapháirtithe lárnacha atá faoi mhaoirseacht Údarás Seirbhísí Airgeadais na hIndinéise (Otoritas Jasa Keuangan), measfar go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012:

(a) Dlí Phoblacht na hIndinéise, Uimhir 8 den Bhliain 1995 maidir le Margadh Caipitil;

(b) Dlí Phoblacht na hIndinéise, Uimhir 21 den Bhliain 2011 maidir le hÚdarás Seirbhísí Airgeadais;

([6]) *Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise den Bhliain 2011* Uimhir 111, Forlíonadh d'*Iris Stáit Phoblacht na hIndinéise Uimhir 5253*.

(c) Rialachán OJK Uimhir 22/POJK.04/2019 maidir le hIdirbheart Urrús;

(d) Rialachán OJK Uimhir 3/POJK.04/2021 maidir le hEagrú Gníomhaíochtaí i Margadh Caipitil.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN